# Dá Lá Déag na Nollag

Bíonn féasta na Nollag ar siúl ar feadh dhá lá dhéag ó Oíche Nollag ar an 24 de mhí na Nollag go dtí Lá Nollag Beag ar an 6 Eanáir. Seo iad na laethanta ina mbíonn féasta mór ann, Oíche Nollag ar an 24 de mhí na Nollag agus Lá Nollag, an lá ina dhiaidh sin. Lá Fhéile Stiofáin, an lá ina dhiaidh sin arís. Oíche Chinn Bhliana, an oíche dheiridh den bhliain agus lá na bliana nua an chéad lá de mhí Eanáir, Lá Nollag Beag an 6 lá d'Eanáir. Bíonn áthas ar na daoine nuair a bhíonn an Nollaig ag teacht.

Bíonn siad ag glanadh, ag scuabadh agus ag cóiriú na tithe. Cuirtear cuileann agus eidhneán thart timpeall na bpictiúr. Nuair a bhíonn an teach go deas le haghaidh na Nollag, téann mo mháthair go dtí an Baile Mór leis 'an Nollaig' a cheannach. Ceannaíonn sí tae, siúcra, bollóg aráin, cuiríní, rísíní, subh, cáca milis agus coinneal dhearg le haghaidh Oíche Nollag agus rudaí deasa eile. Ansin bíonn gach rud réidh le haghaidh na Nollag. Ní bhíonn aon rud á dhéanamh ach pé gnó is riachtanach ar fud na dtithe.

Nuair a bhíonn sé ina oíche, cúpla uair déanann mo mháthair tae agus bíonn gach aon rud ar an mbord le haghaidh na Nollag. Bíonn coinneal mhór na Nollag ar lasadh ar an bhfuinneog Oíche Nollag agus fágtar ann go maidin í chun solas a thabhairt don Mhaighdean Mhuire a bhíonn ag dul thart an oíche sin. Bíonn ár sáith le n-ithe againn Oíche Nollag. Seo nós atá acu in áiteanna. Is é an duine is óige sa teach a lasann an coinneal. Bíonn trí Aifreann againn lá Nollag. Oíche Nollag is ceart do gach duine a bheith ina dteach féin, agus is ceart a sáith uisce a bheith in sna tithe roimh ré mar bíonn fíon in san tobar roimh mheán oíche. Oíche Nollag crochaim mo stoca ar an mballa in aice leis an tine le súil go dtiocfadh San Nioclás. Nuair a éirím maidin lae Nollag bíonn go leor rudaí deasa in san stoca. Bhí stocaí Nollag, uaireadóir agus bábóg i mo stoca maidin Nollag anuraidh

1. Cén dáta a thosaíonn agus a chríochnaíonn an Nollaig?

2. Cén t-ainm atá ar an lá a thiteann ar an 31 Nollaig?

3. Conas a d'ullmhaigh na daoine seo don Nollaig?

4. Meas tú céard a cheannaigh siad sa Bhaile Mór?

5. Cén fáth a mbíodh coinneal ar lasadh san fhuinneog?

6. Cé a lasadh an choinneal?

7. Céard a bhí i stoca an duine seo anuraidh?

8. An bhfuil mórán difríochtaí idir an Nollaig a bhí ag an duine sa scéal seo agus an Nollaig a bhí agat féin anuraidh?

9. Cén chanúint atá sa chuntas seo. Tabhair sampla den chanúint sin agus scríobh an focal/frása sin i gcanúint eile.